

Téama 4 : naíonáin sóisearacha go rang a dó

Bhí Íosa ina chónaí i Nazarat

I dteachín beag i Nazarat

Bhí cónaí ar Íosa óg.

Bhí Muire agus Íosaef leis,

Agus thug siad grá mór dó

Thug Muire aire mhaith dó

Agus mhúin sí dó conas guí.

Bhí saol sona sásta aige

I measc a chainteaghlai

Tarraing Pictiúr d'Íosa ina chónaí i Nazarat

Scéal as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcas

Gach bliain, chuaigh Muire agus Iósaef ar thuras go hIarúsailéim i gcomhair fhéile na Cásca. Nuair a bhí siad ann, chuaigh siad to dtí an teampall. Ar an mbealach abhaile, ní raibh Muire agus Iósaef in ann teacht ar Íosa. D'fhéach siad i ngach áit, ach níor tháinig siad air. Bhí said trína chéile. Tar éis roinnt ama tháinig said ar Íosa sa teampall, ina shuí leis na múinteoirí, ag cur ceisteanna orthu. Nuair a chonaic Muire agus Iósaef é ghabh iontas iad. Dúirt Íosa leo: 'Nach raibh a fhios agaibh go raibh orm a bheith i dteach m'Athar?'

1. De réir mar a d'fhás Íosa aníos, bhí meas aige ar Mháire agus ar Iósaef. Conas a léirímid meas ar a chéile?
2. D'fhás Íosa i ngrá le Dia agus le daoine eile. An bhfuil aithne agat ar aon scéalta eile a léirigh conas a léirigh Íosa a ghrá do Dhia agus do dhaoine eile? Cén bealach is féidir leat grá do dhaoine eile a thaispeáint?
3. Cá n-éisteann tú le Dia?

Paidireacha le foghlaim

Paidir na Maidine

A Dhia, tá grá agat dom
Bíonn tú liom de lá is d'Oíche.
Ba mhaith liom grá a thabhairt
duit
Gach nóiméad den lá.
Ba mhaith liom tú a shásamh.
A Athair, cabhraigh liom. Áiméan

Paidir na hOíche

A Dhia, a Athair, molaim thú
As ucht do chineáltais liom inniu.
As ucht mo chairde molaim thú,
Agus as an teaghlach a thug tú
dom.
I ndorchadas na hoíche cosine mé
Solas na maidine go bhfeice mé.
Áiméan